

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo Téarmaí agus Coinníollacha CU 247 Móibíleach Phoblacht na hÉireann

Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta leis an tSeirbhís a úsáid

- 1.0 Sainmhínte ar Théarmaí
- 2.0 Cuntais
- 3.0 Aistrithe SEPA
- 4.0 Bainistiú Dochar Díreach agus Orduithe Seasta
- 5.0 ríomhRáitis/Stair Idirbhearta
- 6.0 Slándáil agus Fíordheimhniú
- 7.0 An uair a ghníomhaímid ar Threoracha uait
- 8.0 Na Freagrachtaí atá orainn
- 9.0 Idirbhearta nár Údarafodh
- 10.0 Taifeadadh
- 11.0 Táillí
- 12.0 Tréimhse ama, Athruithe agus Críochnú
- 13.0 Ag léamh an doiciméad seo
- 14.0 Ag déanamh gearán – Cúiteamh
- 15.0 An bealach ina bhfuil dlí na hÉireann i bhfeidhm sa Doiciméad seo
- 16.0 Slánaíocht

Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta leis an tSeirbhís a úsáid

1.0 Sainmhínte ar Théarmaí atá in úsáid sa doiciméad seo

Roinnt de na míniúcháin maidir leis na téarmaí coitianta atá in úsáid ar fud na dtéarmaí agus na gcoinníollacha seo:

- 1.1. Cód rochtana: ciallaíonn sé seo cóid slándála il-leibhéil a mholtar do bhaill ag tráth cláraithe don bhaincéireacht ar líne leis an gComhar Creidmheasa agus/nó le hIarratais a íoslódáil. Ciallaíonn “247 ar líne” ár seirbhís bhaincéireachta ar líne atá inrochtana trí bhrabhsálaí gréasáin.
- 1.2. Ciallaíonn “247 PIN” an uimhir aitheantais phearsanta a mbaineann tú úsáid aisti le rochtain a fháil ar na seirbhísí
- 1.3. Ciallaíonn “Cuntas” an cuntas atá agat linne lena gcuirimid na seirbhísí ar fáil duit.
- 1.4. Ciallaíonn “Lá Oibre” aon lá a bhfuilimid oscailte le haghaidh gnó i bPoblacht na hÉireann seachas Dé Domhnaigh nó Laethanta Saoire Bainc agus ciallaíonn “Laethanta Neamhbhaincéireachta” aon lá eile.
- 1.5. Ciallaíonn “Aip an Chomhar Creidmheasa” aon fheidhmchláir dár gcuid is féidir a íoslódáil agus a chuireann rochtain ar Bhaincéireacht Mhóibíleach CU 247 ar fáil.
- 1.6. Ciallaíonn “Baincéireacht Mhóibíleach CU247” nó “CU247” an córas ar líne a thugann an deis duit Seirbhísí áirithe a rochtain agus a úsáid agus úsáid á bhaint agat as an Aip ar do Ghléas Mhóibíleach.
- 1.7. Ciallaíonn “BIC” an Cód Aitheantais Bainc a mbaintear úsáid as leis an mbanc a aithint go hidirnáisiúnta. Tugtar Seoladh SWIFT (An Cumann um Theileachumarsáid Airgeadais Idirbhainc Dhomhanda) air seo freisin.
- 1.8. Ciallaíonn “Cut-Off Time” “Am Scoite” an t-am is deireanaí in aon lá oibre gur féidir linn treoracha a phróiseáil an Lá sin.
- 1.9. Ciallaíonn “Lá Rochtana” an lá ar úsáid tú ár gcuid seirbhísí
- 1.10. Ciallaíonn “Cuntas Ainmnithe” an cuntas atá ainmnithe agat le hairgead a fháil atá aistrithe agus as do Chuntas. D’fhéadfadh an Cuntas Ainmnithe a bheith i d’ainm féin nó in ainm duine

eile. Ní féidir leis a bheith ina chuntas a chuirimid in iúl duit atá eisiata. Sula ndéanann tú íocaíocht le Cuntas Ainmnithe, ní mór duit é a chlárú agus úsáid á bhaint agat as an gCód Slándála a chuirimid ar fáil duit.

1.11. Ciallaíonn “Baincéireacht Dhigiteach” na seirbhísí éagsúla ar líne atá againn agus ar féidir rochtain a fháil orthu trí 247 ar líne, measfar go n-áireoidh aon tagairt do Bhaincéireacht Dhigiteach anseo istigh tagairt do 247 Ar líne.

1.12. Ciallaíonn “ríomhRáiteas” aon doiciméad, stair idirbhearta nó ráiteas a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil i bhfoirm leictreonach.

1.13. Ciallaíonn “Íocaíocht ar Lá Amach Anseo” íocaíocht atá le cur tríd ar lá atá romhainn.

1.14. Ciallaíonn “IBAN” Uimhir Idirnáisiúnta Chuntais Banc lena n-aithnítear an tír, an oifig agus an uimhir chuntas maidir le haon chuntas.

1.15. Ciallaíonn “Treoir” aon treoir a thugann tú dúinn le hairgead a íoc isteach i do chuntas nó a thabhairt amach as do Chuntas, nó tabhairt faoi sheirbhís eile.

1.16. Ciallaíonn “Gléas Móibíleach” gléas cumarsáide atá in ann rochtain a fháil ar Sheirbhísí agus úsáid á bhaint as Aip CU247.

1.17. Ciallaíonn “Cuntas Pearsanta” cuntas atá ag Daoine Nádúrtha

1.18. Ciallaíonn “PSR” Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Íocaíochta) 2009 agus is ionann “íocaíocht rialáilte PSR” agus íocaíocht i euro nó in aon airgeadra eile de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (EEA), sa chás soláthróirí na seirbhíse íocaíochta an íocóra agus an t-íocaí araon a bheith san EEA.

1.19. Ciallaíonn “Cód Slándála” cód gníomhachtúcháin uathúil aonuaire a thugann muid duit.

1.20. Ciallaíonn “Teistiméireachtaí Slándála” aon uimhir, cód nó beart slándála a éilíonn muid ort a úsáid, ar nós Aitheantas Úsáideora (ID) 247, Uimhir Aitheantais Phearsanta (PIN) 247, Cód Slándála agus eolas maidir le pasfhocal custaiméara.

1.21. Ciallaíonn “SEPA” Limistéar Aonair d’Íocaíochtaí Euro, tionscnamh baincéireachta Eorpach a bhfuil sé mar aidhm leis margadh íocaíochta aonair, lánpháirtithe agus caighdeánaithe a chruthú san Eoraip.

Sainmhínte ar Théarmaí atá in úsáid sa doiciméad seo ar lean..,

1.22. Ciallaíonn “Limistéar SEPA” ballstáit SEPA, agus cuimsíonn sé sin ballstáit an AE, na trí thír atá sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua) an Eilvéis agus Monacó.

1.23. Áirítear le “Seirbhís” agus le “Seirbhísí” ach níl teoranta don mhéid seo a leanas, a bhfuil roinnt acu nó iad go léir le fáil trí fón 247 agus trí Bhaincéireacht Dhigiteach:- (a) a thaispeánann an t-iarmhéid atá i do Chuntas; (b) a thugann eolas duit maidir le do chuid idirbhearta; (c) le orduithe seasta a shocrú suas nó le féachaint orthu; (d) aistrithe agus íocaíochtaí isteach i gCuntais Ainmnithe; (f) seirbhís íocaíochta billí atá ar do chumas a úsáid chun billí áirithe fónais a íoc; (g) ráiteas maidir le do chuntas a éileamh do chuntais Flexi, cuntas coigiltis, cuntas iasachta; (j) clárú agus féachaint ar chuntais eile CU; (k) (l) stair idirbhearta Cuntas Flexi a chur in oiriúint ar an scáileán, mar shampla, catagóirí idirbhearta ar tugadh fúthu le (12) dhá mhí dhéag anuas; (m)

1.24. Ciallaíonn “Aitheantas Úsáideora/User ID” cód aitheantais uathúil 247 ar líne an úsáideora a thugann muid duit.

1.25. Ciallaíonn “muid”, “sinn” agus “ár” Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta a bhfuil a Phríomhoifig sa Chnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe, agus a chomharbaí agus aistrithe nó a shannaithe dlíthiúla nó cothromais.

1.26. Ciallaíonn “tú/tusa” agus “do” an duine nó na daoine a bhfuil an Cuntas ina n-ainm/ainmneacha.

2.0 Cuntais

Ní féidir leat na seirbhísí seo a úsáid murar Cuntas Pearsanta atá sa Chuntas agus an Cuntas i d'ainm ar bhonn cuntais aonair nó comhchuntais.

(b) Is tusa úinéir tairbhiúil an airgid atá sa chuntas (ciallaíonn sé sin, mar shampla, níl tú i seilbh an airgid sin thar ceann duine ar bith eile) agus tá tú os cionn 16 bliain d'aois.

(c) Tá tú cláraithe le haghaidh rochtain ar líne trínár bpróiseas cláraithe agus tá muid sásta le do chlárú, lena n-áirítear, ach nach bhfuil teoranta ó thaobh a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh ár n-oibleagáidí faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010. D'fhéadfadh muid a éileamh ort (ar an mbeirt agaibh i gcás comhchuntas) cruthúnas aitheantais agus seoladh a chur ar fáil chun an oibleagáid seo a chomhlíonadh.

2.1 Comhchuntais

(a) Má tá an cuntas in ainm beirt bhaill, is féidir leis an mbeirt bhaill clárú leis na seirbhísí rochtana cuntais ar líne a úsáid. Ní mór do gach páirtí clárú agus iarratais aonar a dhéanamh ar a nUimhir Aitheantas Phearsanta (Pin), Aitheantas Úsáideora (User ID) féin agus do mhionsonraí slándála eile.

(b) Sa chás go bhfuil Cuntas an Bhaill á choinneáil i gcomhainmneacha, beidh na Sealbhóirí Cuntais faoi dhliteanas i bpáirt le chéile agus faoi dhliteanas go leithleach faoina téarmaí agus faoina coinníollacha seo. Ciallaíonn sé seo gur féidir linn a iarraidh ar an mbeirt agaibh nó ar cheachtar agaibh aon airgead atá ag dul dúinn a íoc agus aon oibleagáid a eascraíonn as na téarmaí agus as na coinníollacha seo nó aon Treoir a thugann ceachtar agaibh dúinn a chomhlíonadh.

2.2 Iarmhéid Cuntais

Cuirfidh seirbhísí rochtana ar líne Chomhar Creidmheasa Cholm Cille an iarmhéid atá “ar fáil” ar an lá rochtana ar fáil do bhaill a bhaineann úsáid as an tseirbhís. D'fhéadfadh an t-iarmhéid seo aon airgead nach bhfuil glanta a fhágáil as an áireamh agus dá bhrí sin, ní gá go léireofaí iarmhéid cruinn. Ba chóir do bhaill ráiteas ar líne a éileamh nó teagmháil a dhéanamh leis an oifig lena n-iarmhéid cruinn a fháil amach. Má theastaíonn ráiteas i bhfoirm páipéar uait, is féidir leat é sin a iarraidh trínár n-aip baincéireachta/móibíleach ar líne.

2.3 Dliteanas Comhpháirteach agus Leithleach

Murar chomhaontaíomar gur theastaigh cead gach sealbhóir comhchuntais uainn nó mura bhfuil sé mar oibleagáid dhlíthiúil seo a fháil, beidh ar a gcumas gníomhú ar Threoracha ó dhuine amháin agaibh. Ciallaíonn sé seo go mbeidh ar chumas duine ar bith agaibh a iarraidh orainn rudaí áirithe a dhéanamh leis an gCuntas gan sealbhóirí eile an chuntais a bheith ar an eolas, lena n-áirítear an Cuntas a dhúnadh, aon airgead nó an t-airgead go léir a thógáil as an gCuntas, a iarraidh go ndéanfar cumarsáid (lena n-áirítear ráitis) go leictreonach nó ar pháipéar, iarratas a dhéanamh ar chreidmheas nó deireadh a chur le seirbhísí. Nuair a sheolann muid aon fhógra chuig duine ar bith agaibh (lena n-áirítear stair maidir le hidirbheart cuntais nó ráiteas nó doiciméad i fhoirm páipéir) measfar a leithéid sin a bheith ina fhógra do gach aon duine agaibh. Mura bhfuil oibleagáid dhlíthiúil orainn sin a dhéanamh, de ghnáth ní iarrann muid nó ní dhéanann muid fiosrú maidir leis na cúiseanna le haon treoracha nó ní athdheimhníonn muid na treoracha seo le haon Sealbhóirí Comhchuntais eile fiú nuair a bhíonn aighneas idir na Sealbhóirí Comhchuntais.

3.0 Aistrithe SEPA

3.1 Is ionann aistriú SEPA agus íocaíocht i euro a dhéanann tusa ó do Chuntas chuig Cuntas Ainmnithe laistigh de Limistéar SEPA. Áiríonn sé íocaíocht a dhéantar ar roinnt billí.

3.2 Cuireann muid ar an eolas tú conas clárú do sheirbhísí aistrithe SEPA. Is féidir linn an bealach ina gcláraíonn tú do na seirbhísí seo a athrú ag tráth ar bith.

3.3 Coinníonn muid taifead nuair a chláraíonn tú le haghaidh aistrithe SEPA a dhéanamh agus nuair a thugann tú treoir dúinn maidir leis an gcineál seo íocaíochta. Comhaontaíonn tú gur dea-fhianaise atá inár dtaifead maidir le do chlárú nó maidir le do threoir (mura bhfuil seo soiléir go bhfuil botún déanta againn). Comhaontaíonn tú freisin gur féidir linn glacadh leis gur uaitse a thagann aon chlárú nó treoir.

3.4 Ní féidir leat úsáid a bhaint as seirbhís aistrithe SEPA le hairgead a aistriú ó chuntas scaireanna atá agat linne.

3.5 Má bhaineann tú úsáid as seirbhís aistrithe SEPA le hairgead a íoc isteach i gcuntas eile is ón gcuntas Flexi amháin a dhéantar an íocaíocht sin agus comhaontaíonn tú go bhfuil an fhreagracht ort maidir lena chinntiú go bhfuil airgead leordhóthanach sa Chuntas sin.

3.6 Tá feidhm le huasleibhéal idirbhirt agus teorainneacha laethúla ó thaobh na suime is féidir leat a íoc as do Chuntas le linn aon Lá Baincéireachta agus tú ag úsáid na seirbhíse aistrithe SEPA. Is féidir linn na teorainneacha seo a athrú am ar bith. Tá mionsonraí maidir leis na teorainneacha reatha le fáil nuair atá tú ag úsáid na seirbhíse.

3.7 Má thugann tú treoir dúinn aistriú SEPA a dhéanamh ar dháta a shocrófar amach anseo, is “Íocaíocht a Shocrófar ar Dháta Amach Anseo” a bheidh ann. Déanfaidh muid próiseáil ar aon Íocaíocht a Shocrófar ar Dháta Amach Anseo ar an dáta a thugann tú dúinn. Murar Lá Baincéireachta a bheidh sá dáta sin, déanfaidh muid an phróiseáil ar an gcéad Lá Baincéireachta eile. Má thugann tú treoir dúinn Íocaíocht amháin nó níos mó a dhéanamh ar an Dáta céanna a Shocrófar ar Dháta Amach Anseo, déanfaidh muid iad a phróiseáil san ord céanna inar thug tú na teoracha íocaíochta dúinn. Mura bhfuil sé ar ár gcumas, ar chúis ar bith, an t-aistriú SEPA a Shocrófar ar Dháta Amach Anseo a phróiseáil, cuirfidh muid ar an eolas tú laistigh den roinn na nÍocaíochtaí ar Feithimh.

3.8 Glacann muid le teoracha íocaíochta am ar bith. Má thugann tú treoir íocaíochta dúinn le hairgead a íoc as do Chuntas, déileáiltear leis an treoir íocaíochta mar threoir íocaíochta a thugtar ar an Lá Baincéireachta a bhfaightear an treoir, chomh fada is a fhaigheann muid an treoir íocaíochta roimh 12 Meán Lae (an Scoitham d’aistrithe SEPA). Má fhaightear an treoir íocaíochta tar éis 12 Meán Lae déileáiltear leis mar threoir íocaíochta a fhaigheann muid ar an gcéad Lá Baincéireachta eile.

3.9 Is í an institiúid airgeadais ina bhfuil an Cuntas Ainmnithe á choinneáil a rialaíonn na híocaíochtaí atá á ndéanamh isteach sa chuntas sin. Níl muid freagrach as sin.

3.10 Má thugann tú treoir dúinn airgead a íoc le Cuntas Ainmnithe atá inár seilbh, déanfaidh muid an íocaíocht ar an Lá Baincéireacht a bhfaigheann muid an treoir íocaíochta uait.

4.0 Bainistiú Dochar Díreach agus Orduithe Seasta

4.1 Dochar Díreach – níl fáil ar Dhochar Díreach i láthair na huaire

Déantar íocaíochtaí maidir le dochar díreach faoi Scéim Dochar Díreach SEPA agus déantar próiseáil ar na híocaíochtaí go léir maidir le dochar díreach de réir Rialacha na Scéime Dochar Díreach SEPA ábhartha. Tá ar do chumas bainistiúocht a dhéanamh ar dhochar díreach SEPA trí úsáid a bhaint as Seirbhís an Dochair Dhíreach. Más mian leat leas a bhaint as ceachtar de na seirbhísí dochair dhíreach atá ar fáil, ní mór duit foirm iarratas ábhartha maidir le dochar díreach a líonadh isteach. Ar mhaithe lena chinntiú gur féidir do chuid teoracha a phróiseáil mar a éilítear, ní mór duit aon treoir den sórt sin a chur faoi bhráid faoi dheireadh an Lae gnó Baincéireachta sular mian leat an treoir sin a chur i bhfeidhm.

4.2 Orduithe Seasta

Is féidir leat orduithe seasta a shocrú suas ar do Chuntas Flexi. Éilíonn muid ort é sin a chlárú linne i dtús báire agus **do chlárú a dhearbhu agus úsáid á bhaint agat as an gCód Slándála** Coinníonn muid taifead nuair a chláraíonn tú agus nuair a thugann tú treoracha dúinn maidir le orduithe seasta. Comhaontaíonn tú gur dea-fhianaise iad ár gcuid taifead maidir le haon chlárú nó treoir den sórt sin (mura mbíonn sé soiléir go mbíonn botún déanta againn). Comhaontaíonn tú freisin gur féidir linn glacadh leis gur uaithe a thagann an treoir nó gur tusa a chláraíonn linn. Más mian leat ordú seasta nó íocaíocht maidir le ordú seasta a chur ar ceal, ní mór duit é sin a chur in iúl dúinn faoi dheireadh an Lae Baincéireachta sula mbíonn an íocaíocht dlite. Sa chás go dtagann do threoir chugainn níos deireanaí ná an tráth sin agus má dhéanann muid íocaíocht maidir le ordú seasta nach bhfuil ag comhlíonadh do threoir, ní bheidh muid freagrach as aon chailteanas nó costas a bhíonn ortsa nó ar dhuine ar bith eile.

5.0 ríomhRáitis/Stair Idirbhearta

5.1 Nuair a bhíonn Cuntas incháilithe cláraithe ar 247 ar líne, beidh rochtain agat ansin ar ríomhRáitis agus ar stair idirbhearta don Chuntas sin. Má iarrann tú cóip pháipéir den Ráiteas, measfar gur iarratas ar ráiteas dúbailte a bheidh ansin agus d'fhéadfaí táille a ghearradh ort.

5.2 Is féidir féachaint ar an stair a bhaineann le do ríomhRáiteas/stair idirbhearta, is féidir an t-ábhar sin a shábháil nó a phriontáil i bhfoirm PDF, nuair a osclaítear an t-ábhar i PDF, osclóidh sé i bhfuinneog deghilte agus ní bheidh teorainn ama i gceist. Tá sé mar fhreagracht ortsa féachaint ar an ríomhRáiteas/stair idirbhearta in áit atá sábháilte agus príobháideach agus an fhuinneog a dhúnadh nuair atá tú críochnaithe ag féachaint ar stair na n-idirbheart.

5.3 Tá ar do chumas ag tráth ar bith le linn na tréimhse seo an ríomhRáiteas/stair na n-idirbheart a íoslódáil, a phriontáil nó cóip den ríomhRáiteas/stair na n-idirbheart a choinneáil. Má dhúnann tú do Chuntas linne, áfach, nó má chuireann tú deireadh leis an gComhaontú seo, ní bheidh ríomhRáiteas/stair idirbhearta le fáil níos mó agus ba chóir duit stair ar bith maidir le hidirbhearta a íoslódáil nó a phriontáil sula ndúnann tú aon Chuntas nó sula gcuireann tú deireadh leis an gComhaontú seo.

5.4 Measfar do ríomhRáiteas/stair na n-idirbheart nó aon doiciméad eile a bheith faighte agat ar an bpointe is a bhíonn an ríomhRáiteas/stair na n-idirbheart nó doiciméad le fáil ar 247 ar líne.

5.5 Nuair a chláraítear an Cuntas agus é intuigthe go bhfuil doiciméid agus ráitis Cuntais le cur ar fáil i bhfoirm páipéar, beidh ar do chumas féachaint freisin ar do ríomhRáiteas/stair na n-idirbheart don chuntas sin ar CU247. Comhaontaíonn tú go mbeidh aon oibleagáid maidir le doiciméid nó ráitis a chur ar fáil duit faoina téarmaí agus faoina coinníollacha sin nó téarmaí agus coinníollacha do Chuntais, nó aon téarmaí agus coinníollacha eile a chomhaontaítear eadrainn sásaithe, nuair a chuirimid an t-ábhar sin ar fáil duit le féachaint air.

6.0 Slándáil agus Fíordheimhniú

6.1 Cláróidh an ball a gcuntas le cuntas rochtana ar líne a chruthú agus ina dhiaidh sin tabharfar Cód Rochtana/Aitheantas Úsáideora (USER ID) don bhall, agus beidh sé seo ar an gcéad chéim sa phróiseas fíordheimhniithe lena gcuntas rochtana ar líne a chruthú agus is d'úsáid an Bhaill amháin é sin de réir na dtreoirínte a leagtar amach i www.cu247secure.ie

6.2 Tabharfaidh muid uimhir PIN duit atá uathúil duitse. Ní mór duit an uimhir PIN sin a úsáid pé uair a úsáideann tú seirbhís. Tabharfaidh muid cód Aitheantais Úsáideora (“User ID”) duit atá uathúil.

6.3 D’fhéadfadh muid a iarraidh ort ceisteanna slándála a fhreagairt, nó teistiméireachtaí slándála eile a úsáid sula dtabharfaidh muid cead duit an tseirbhís a úsáid.

6.4 Ní mór duit an uimhir PIN, Aitheantas Úsáideora (USER ID) agus aon teistiméireachtaí slándála eile a choinneáil faoi rún. Níor chóir duit iad a scríobh síos nó aon cheann acu a thaifeadadh ar bhealach a thabharfaidh an deis do dhuine éigin eile aon cheann acu a úsáid in aghaidh do thola.

6.5 Más eol duit nó má tá amhras ort go bhfuil d’uimhir PIN, Aitheantas Úsáideora (USER ID) nó teistiméireachtaí slándála eile ar eolas ag duine éigin eile nár chóir dó/di an t-eolas sin a bheith aige/aici, ní mór duit muid a chur ar an eolas láithreach trí theagmháil a dhéanamh linn ag 091-593421 agus labhairt le duine den fhoireann. I gcás go mbíonn an oifig dúnta, ní mór duit teagmháil a dhéanamh linn gan mhoill ar an fón an chéad lá oibre eile agus labhairt le duine den fhoireann. Ní ghníomhaíonn muid ar an fhógra sin ach amháin ar lá a bhfuilimid oscailte do ghnó. Ní ghlacann muid le haon fhreagracht má tá slándáil rochtana CU 247 curtha i mbaol agat. Sa chás go bhfaigheann tríú páirtí mionsonraí uimhir PIN, Aitheantas Úsáideora (USER ID) trí thimpiste nó seachas sin, déanfaidh an Ball teagmháil leis an gcomhar creidmheasa láithreach trí ghlaoh ar 091-593421 agus le labhairt le duine den fhoireann lena gcuntas a dhíchumasú agus le huimhir PIN a atheisiúint, má tharlaíonn sé sin lasmuigh d’uaireanta oibre, chomhairleoimis don bhall iarracht a dhéanamh logáil isteach arís agus uimhir PIN mícheart a úsáid cheithre huairé as a chéile leis an gcuntas a chur faoi ghlas ar feadh 24 uaire an chloig, (agus é sin a dhéanamh arís nuair a bhíonn an 24 uaire thuas), agus teagmháil a dhéanamh leis an gcomhar creidmheasa freisin agus labhairt le duine den fhoireann an chéad lá oibre eile.

6.6 **Tabhair ar aird, le do thoil**, nach ndéanfaidh muid teagmháil leat riamh le do chuid teistiméireachtaí slándála a iarraidh ort agus ní éileoidh muid ar dhuine ar bith eile é sin a dhéanamh thar a gceann. Má fhaigheann tú iarratas den sórt sin, níor chóir duit do chuid teistiméireachtaí slándála a chur ar fáil ar chúinse ar bith, agus ba chóir duit tuairisc a thabhairt dúinn láithreach maidir le gníomh den sórt sin.

6.7 Ní mór duit an trealamh oiriúnach a bheith agat le cur ar do chumas seirbhísí baincéireachta digiteacha a úsáid, mar shampla, ríomhaire le brabhsálaí oiriúnach agus bogearraí atá suas chun dáta.

6.8 Is tusa, an ball, a bheidh freagrach as na treoracha go léir a thugann tú nó a thugann duine ar bith eile atá ag gníomhú le húdarás uait idir an tráth a dtéann tú thar an nós imeachta slándála agus an tráth a bhfágann tú an tSeirbhís Rochtana Cuntais ar Líne. Ba chóir duit dínascadh agus an córas a fhágáil nuair nach bhfuil tú ag baint leasa as an tseirbhís.

6.9 Glacann tusa, an ball, nach gá go mbeadh cumarsáid leictreonach, an t-idirlíon, WIFI nó meán SMS slán agus go bhféadfadh duine neamhúdaraithe idirghabháil a dhéanamh nó go bhféadfadh ábhar a sheachadadh mícheart. Dá bhrí sin, ní féidir le Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo príobháideachas nó rúndacht na cumarsáide trí mheáin den sórt sin a dhearbhu agus trí úsáid a bhaint as CU 247 measfar go bhfuil na rioscaí seo admhaithe agat agus go nglacann tú leo.

7.0 Nuair a ghníomhaíonn muid ar Threoracha uait

7.1 Tugann tú cead dúinn gníomhú ar aon treoir a thugann tú dúinn, nó is léir a thagann uait agus a sheoltar trí CU 247. Ní féidir leat an treoir seo a tharraingt siar.

7.2 Comhaontaíonn tú, ar threoir a bheith faighte leis na teistiméireachtaí slándála ceart, gur féidir linn gníomhú ar an treoir sin. Tuigeann tú nach mbeidh aon seiceálacha eile slándála á ndéanamh againn.

7.3 Ní féidir linn ach gníomhú ar threoracha uaitse nuair a fhaigheann muid na treoracha sin. Admhaíonn agus comhaontaíonn tú go bhféadfadh moill a bheith i gceist idir an t-am a thugann tú treoir dúinn ar líne agus an t-am a bhfaigheann muid an treoir sin, agus ní féidir linn aon

fhreagracht a ghlacadh ina leith sin.

7.4 Comhaontaíonn tú go bhfuil na treoracha go léir, seachas treoracha d'Íocaíochtaí ar Dháta Amach Anseo faoi réir ag na Scoithamanna ábhartha, ina dtreoracha do phróiseáil láithreach agus go meastar iad a bheith do-athraithe. Is féidir treoracha d'Íocaíochtaí ar Dháta Amach Anseo a athrú suas go dtí am scoir gnó ar an lá gnó sula mbíonn an t-airgead curtha do dhochar an Chuntais. Más ordú seasta atá le tógáil as do chuntas an t-ordú, is féidir leat an t-ordú sin agus do chhead a tharraingt siar trí scríobh chugainn nó bualadh isteach san oifig suas go dtí am scoir gnó ar an Lá Gnó sula mbíonn an t-airgead curtha do dhochar an Chuntais. Is féidir leat a iarraidh orainn aon treoir a thugann tú dúinn a chur ar ceal nó a leasú, ach d'fhéadfadh sé nach mbeadh muid in ann é sin a dhéanamh. Ní bheidh aon dliteanas orainn maidir le haon iarratas den sórt sin ó thaobh leasú a dhéanamh ar aon treoir, nó aon treoir a thug tú dúinn roimhe seo a chur ar ceal sa chás nach bhfuil ar a gcumas é sin a dhéanamh.

7.5 Cinnteoidh an Ball go mbeidh na treoracha go léir a thagann chuig Comhar Creidmheasa Cholm Cille trí CU247 cruinn agus iomlán agus nuair is cuí, aithníonn tusa, an ball, go beacht an Chuntais agus Ainm an Iarmhéid lena bhfuil aon suim le cur chun sochair nó chun dochair. Go háirithe, cinnteoir an Ball, roimh aon treoir a thabhairt do Chomhar Creidmheasa Cholm Cille Teo, gurbh é an treoir atá eisithe ag CU247 an treoir a bhí i gceist ag an mBall a thabhairt. Beidh muid i dteideal brath ar threoracha den sórt sin chomh luath agus a bhíonn siad dearbhaithe agus beidh siad críochnaitheach agus ina gceangal ar an mBall.

7.6 D'fhéadfadh muid diúltú de threoir a phróiseáil sa chás go bhfaigheann muid treoir nach bhfuil an t-eolas ann a theastaíonn uainn leis an gCuntas Ainmnithe a aithint, mar shampla IBAN agus BIC, nó Ainm an Chuntais agus an Cód Sórtála. Cuirfidh muid ar an eolas tú sá chás go ndiúltaíonn muid treoir a phróiseáil ar an gcúis seo. Ní bheidh dliteanas orainn i do leith nó i leith duine ar bith má bhíonn cailteanas nó costas mar thoradh air sin.

7.7 Glacann an Ball leis go bhfuil na hidirbhearta go léir ar Chuntas de chineál ar bith faoi réir an iarmhéid a bheith ar fáil sa Chuntas, agus d'fhéadfadh sé nach ndéanfaidh próiseáil ar idirbheart/idirbhearta ar chuntas le hairgead de chineál ar bith nach bhfuil glanta go dtí go mbeidh an t-iarmhéid sin glanta agus ar fáil. Níl muid faoi dhliteanas maidir le haon chaillteanas nó costas a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air sin.

8.0 Na Freagrachtaí atá orainn

1. **An dliteanas atá orainn má dhéanann tú íocaíocht as do chuntas:** Má thugann tú ordú dúinn chun íocaíocht a dhéanamh as do chuntas tá dliteanas orainn i do leith an t-ordú sin a dhéanamh i gceart mura bhfuil muid in ann a chruthú duit (agus más gá do thairbhí Soláthraí Seirbhísí an tSoláthair (PSP)) go bhfuair tairbhí an PSP an íocaíocht. Má tá dliteanas orainn i do leith dá réir sin as feidhmiú ar threoir ar bhealach lochtach nó mícheart, déanfaimid an tsuim a aisíoc leat, agus, más gá, cuirfimid do chuntas ar ais sa riocht ina raibh sé amhail is nár tharla treoir lochtach nó mícheart riamh. Beag beann ar cibé a bhfuil nó nach bhfuil dliteanas orainn i do leith, sna himthos ca sin, déanfaidh muid iarracht an t-idirbheart a aimsiú agus tú a chur ar an eolas maidir leis an toradh.

2. **An dliteanas atá orainn má fhaigheann tú íocaíocht isteach i do chuntas:** Má tá ar chumas an PSP cruthúnas a chur ar fáil go bhfuairamar íocaíocht duitse, ansin dhliteanas duit orainn i do leith. Má tá muid faoi dhliteanas duit, cuirfidh muid suim an idirbhirt ar fáil duit láithreach agus déanfaidh muid an tsuim a chur do shochar do chuntas. Má tá socrú déanta agat le dochar díreach a íoc isteach i do chuntas, táimid faoi dhliteanas an t-ordú sin a chuir ar aghaidh chuig PSP an íocóra. Cinnteoidh muid go bhfuil suim an idirbhirt ar fáil duit láithreach tar éis é a bheith curtha chun sochair ar gcuntas. Mura bhfuilimid faoi dhliteanas mar a leagtar amach thuas, beidh PSP an íocóra faoi dhliteanas don íocóir ó thaobh an idirbhirt. Beag beann ar cibé a bhfuilimid faoi dhliteanas duit nó nach bhfuil, sna himthosca sin, déanfaidh muid iarracht an t-idirbheart a aimsiú agus tú a chur ar an eolas maidir leis an toradh.

3. Níl bheidh dliteanas orainn i do leith nó i leith duine ar bith eile as aon chaillteanas nó costais a

bhíonn mar thoradh ar sheirbhísí nach mbíonn ar fáil nó nach mbíonn ag obair i gceart agus ní bheidh muid freagrach as aon chaillteanas a eascraíonn nuair a dhéanann muid íocaíocht de réir teorach agus go raibh IBAN nó BIC mícheart sa treoir sin, nó go raibh an uimhir chuntais nó cód sórtála mícheart, nó mionsonraí combhionanna cuntais a chur tú ar fáil dúinn mícheart. Déanfaidh muid gach iarracht, le réasún, an t-airgead a bhí i gceist leis an idirbheart a fháil ar ais, ach d'fhéadfadh sé go ngearrfaidh muid táille ort ó thaobh aon chostais réasúnach a bhíonn orainn a íoc.

9.0 Idirbhearta nár údaráíodh

9.1 Leagtar amach sa Treoir um Sheirbhísí Íocaíochta na hoibleagáidí atá ar pháirtithe maidir le láimhsiú íocaíochtaí nach bhfuil údaráithe nó nach bhfuil curtha i bhfeidhm i gceart. Forálann sé go bhfuil an custaiméara i dteideal aisíocaíochta i leith aistarraingt neamhúdaráithe ar an gcoinníoll go gcuirtear Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta ar an eolas gan mhoill mhíchúí nuair a fhaightear amach faoin íocaíocht. Measfar moill mhíchúí sa chás seo gan Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta a chur ar an eolas laistigh de 30 lá ó fhaigheann an custaiméir ráiteas cuntais a thaispeánann an dochar ábhartha. Má fhaigheann tú amach faoi idirbheart ar do chuntas agus nach bhfuil an t-idirbheart sin údaráithe nó nach bhfuil an t-idirbheart curtha chun feidhme i gceart, ní mór duit é sin a chur in iúl dúinn gan mhoill mhíchúí, agus i ngach cás, laistigh de thrí mhí dhéag (13) den idirbheart a bheith curtha do dhochar an chuntais. Beidh tú i dteideal, sa chás an t-idirbheart a bheith neamhúdaráithe nó nach raibh an t-idirbheart curtha chun feidhme i gceart, do cheartúchán uainne. Má bhí an t-idirbheart neamhúdaráithe, íocfaidh muid ar ais suim an idirbhirt sin leat, agus más gá, cuirfimid do chuntas ar ais sa riocht ina raibh sé amhail is nár tharla idirbheart neamhúdaráithe riamh. Faoin Treoir um Sheirbhísí Íocaíochta (PSD) d'fhéadfadh sé gurbh é/í, an Chustaiméara;

(a) a sheasfaidh cailteanas idirbheart íocaíochta neamhúdaráithe, suas go huasmhéid iomlán de €75, sa chás gur tharla an t-idirbheart neamhúdaráithe mar thoradh ar (a) úsáid ionstraim íocaíochta a bhí cailte nó goidte nó (b) gur theip ort gnéithe slándála pearsanta na hionstraime íocaíochta a choinneáil sábháilte;

(b) is tú féin a sheasfaidh an cailteanas go léir a bhaineann leis an idirbheart neamhúdaráithe ar do chuntas má thabhaíonn tú an cailteanas sin trí ghníomhú go calaoiseach nó, nó trí chliseadh, in aon turas nó trí mhór-easpa cúram réasúnach, an ionstraim íocaíochta agus a gnéithe slándála a choinneáil sábháilte, í a úsáid de réir aon téarmaí a deirimid leat a bhaineann léi, agus sinn a chur ar an eolas láithreach í a bheith cailte, goidte, mídhílsithe, nó úsáid bainte aisti ar bhealach neamhúdaráithe;

(c) ní sheasfaidh tú aon iarmhairtí airgeadais a bhaineann le húsáid ionstraim íocaíochta atá cailte, goidte nó mídhílsithe ar an bpointe is a chuireann tú ar an eolas sinn maidir leis an ionstraim a bheith cailte, goidte nó mídhílsithe.

9.2 **Aisíocaíochtaí dochar díreach:** Má thógtar dochar díreach as do chuntas, ach:

(d) níor shonraigh d'údarú dochair díreach méid beacht na híocaíochta; agus

(e) sháraigh méid na híocaíochta an méid a bhféadfá a bheith ag súil leis go réasúnach agus do chuid patrúin caiteachais roimhe seo, Rialachán 53 Faisnéis seo agus imthosca ábhartha eile á dtógáil san áireamh; agus

(f) Tugann tú an t-eolas fíorasach sin dúinn a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uainn; agus

(g) níor thug tú cead dúinn roimh ré an dochar díreach a thógáil agus do chuntas; agus

(h) níor chuireamar féin nó tairbhí an dochair dhírigh eolas ar fáil duit maidir leis an idirbheart ceithre seachtaine ar a laghad roimh dháta an dochair, ansin is féidir leat aisíoc an dochair dhírigh sin a lorg uainne ar feadh tréimhse (8) ocht seachtaine tar éis dáta an dochair. Beidh deich Lá Gnó againn ansin le haisíoc a dhéanamh leat, nó le cúiseanna a thabhair duit sá chás gur dhiúltaíomar aisíoc a dhéanamh leat.

10.0 Taifeadadh

Déanann muid na teoracha a thugann tú dúinn a thaifeadadh. Má tú aighneas maidir leis na seirbhísí idir tú agus muidne, comhaontaíonn tú glacadh leis na taifid seo mar thaifid cinntitheach (mura bhfuil sé soiléir go mbíonn botún déanta againn).

11.0 Táillí

11.1 Is féidir linn táillí a thabhairt isteach ar sheirbhísí ach má dhéanann muid amhlaidh, cuirfidh muid ar an eolas tú roimh ré sula dtugann muid isteach iad. Leanfaidh an méid ama a bheidh á thabhairt againn duit na dlíthe agus na rialacháin a bheidh infheidhme ag an am sin.

11.2 Sa chás go leanann muid ar aghaidh agus táillí a ghearradh ar idirbhearta íocaíochta ar gach idirbheart íocaíochta ar Chuntais Flexi, taispeánfar iad sin sa Sceideal Táillí agus Muirir atá ar fáil san Oifig nó ar líne ag www.cccholmcille.ie

11.3 Ní ghearrann muid aon táillí breise ar Bhaincéireacht Móibíleach CU 247, d'fhéadfadh sé áfach, go ngearradh d'oibreoir líonra móibíleach táille ort agus úsáid á bhaint agat as an tseirbhís líonra móibíleach. Níl aon smacht againn ar aon táillí a ghearrann d'oibreoir líonra móibíleach agus ní mór duit ceist a chur ar d'oibreoir líonra móibíleach le mionsonraí a fháil maidir le táillí den sórt sin.

11.4 Is féidir linn táillí nó muirir a ghearradh ag tráth ar bith, ach cuirfidh muid ar an eolas tú sula ndéanfaidh muid amhlaidh agus leanfaidh an méid ama a bheidh á thabhairt againn duit na dlíthe agus na rialacháin a bheidh infheidhme ag an am sin.

12.0 Tréimhse ama, athruithe agus críochnú

12.1 Tá tréimhse ama éiginnte ag gabháil leis an gconradh atá agat linne, mar atá mionsonraithe i Rialachán 53 Faisnéis. Nuair a bhíonn an próiseas cláraithe tugtha chun críche, measfar go bhfuil tú ag glacadh leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

12.2 Féadfaimid cur leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo nó iad athrú ag tráth ar bith, mar shampla, chun ceanglais nua dlí a chomhlíonadh nó le slándáil a fheabhsú. Féadfaidh muid fáil réidh le seirbhís nó seirbhís a athrú nó seirbhís nua a chur leo ag tráth ar bith.

12.3 Féadfaidh muid táillí a thabhairt isteach nó na táillí nó na muirir atá a ngearradh againn a athrú. Tabharfaidh muid fógra roimh ré (2) dhá mhí duit má dhéanann muid ceann ar bith de na hathruithe seo. Má athraíonn muid téarmaí agus coinníollacha nó má chuireann muid le téarmaí agus coinníollacha, agus nach mian leat glacadh leis an athrú, féadfaidh tú deireadh a chur le CU247 trí Chomhar Creidmheasa Cholm Cille Teo a chur ar an eolas i scríbhinn nach mian leat an tseirbhís seo a úsáid níos mó. Sa chás go ndéanann tú amhlaidh, tiocfaidh deireadh leis na téarmaí agus leis na coinníollacha sin ach aon airgead atá dlite dúinn maidir leis na seirbhísí nó leis na téarmaí agus leis na coinníollacha seo a bheith íoctha agat.

12.4 Féadfaidh muid na rialacha maidir leis na seirbhísí a athrú (mar shampla, teorainneacha idirbhearta nó teorainneacha laethúla) ag tráth ar bith agus gan tú a chur ar an eolas roimh ré. Cuirfidh muid ar an eolas tú i gcónaí, áfach, maidir leis na hathruithe seo.

12.6 Féadfaidh muid deireadh a chur leis an gcomhaontú seo láithreach, na seirbhísí a stopadh nó aon íocaíochtaí a bhlocáil, má:

- (a) fhaigheann tú bás;
- (b) má fhógraítear bancbhriste nó dócmhainneach tú i bPoblacht na hÉireann nó in áit ar bith eile;
- (c) má chlis ort i seiceálacha slándála;

- (d) tá údar lena bheith in amhras go bhfuil gníomhaíocht chalaioiseach nó neamhúdaráithe ar do Chuntas, fiú má cheapann muid go bhfuil tú neamhchiontach;
- (e) ceanglaítear orainn déanamh amhlaidh de réir an dlí, rialachán nó treoir ó údarás a bhfuil sé dhualgas orainn é a chomhlíonadh.
- (f) tá na téarmaí agus na coinníollacha sáraithe agat;
- (g) tá téarmaí agus na coinníollacha ceachtar de na cuntais atá agat sáraithe.

13.0 An Doiciméad seo a léamh

13.1 Tá gach aon cheann de na téarmaí agus de na coinníollacha seo scartha ón gcuid eile. Má tá aon cheann acu mídhleathach nó murar féidir iad a fhorfheidhmiú, beidh an chuid eile lánfheidhme agus lánéifeachtach.

13.2 Mura bhforfheidhmíonn muid na cearta atá againn faoina téarmaí agus coinníollacha seo nó má chuireann muid moill ó thaobh iad a fhorfheidhmiú, féadfaidh muid na cearta seo a fhorfheidhmiú amach anseo. Tá feidhm leis seo fiú mura bhforfheidhmíonn muid iad nó má rinneamar moill ó thaobh na gcearta seo a fhorfheidhmiú ar go leor ócáidí.

13.3 Sna téarmaí agus sna coinníollacha seo, tugann muid samplaí uaireanta maidir le rud éigin a bhíonn clúdaithe ag clásal nó ag sainmhíniú. Déanann muid é sin ar mhaithe le cúnaimh a thabhairt duit. Níl raon na dtéarmaí agus na gcoinníollacha seo teoranta do na samplaí seo.

13.4 Tá na ceanteidil atá in úsáid sna téarmaí agus sna coinníollacha seo ansin ar mhaithe le cúnaimh a thabhairt duit agus níl siad mar chuid den chomhaontú dlíthiúil eadrainn.

14.0 Ag déanamh Gearáin - Cúiteamh

Teastaíonn uainn seirbhís custaiméara den scoth a chur ar fáil duit i gcónaí. Más mian leat gearán a dhéanamh, lean na céimeanna seo a leanas, le do thoil: (a) Ardaigh an gearán trí ghlaoch ar 091-593421 agus labhair le baill foirne idir 9.30 am agus 5pm ó Luan go hAoine agus ón 9.30-2.30 Dé Sathairn. Is féidir leat scríobh chugainn freisin ag Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo, an Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. (b) Mura mbíonn do ghearán réitithe againn laistigh de chúig (5) Lá Oibre, admhóidh muid é sin i scríbhinn. Mura réitítear an gearán laistigh de fiche (20) Lá Oibre cuirfidh muid eolas atá cothrom le dáta chugat i scríbhinn. Mura mbíonn an gearán réitithe againn fós tar éis fiche (20) Lá Oibre eile, scríobhfaidh muid chugat arís agus tabharfaidh muid leid duit maidir le cén uair a bhfuilimid ag súil go mbeidh an gearán réitithe againn. (c) Nuair a bhíonn ár n-imscrúdú críochnaithe againn, scríobhfaidh muid chugat leis na torthaí. (d) Mura bhfuil tú sásta leis an mbealach ar dhéileáil muid le do ghearán, is féidir leat an gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais (FSO), an 3ú Urlár, Teach Lincoln, Plás Lincoln, Baile Átha Cliath 2. Íosghlao: 1890 88 20 90, Teileafón: +353 1 6620899, Faics: +353 1 6620890, ríomhphost: enquiries@financialombudsman.ie, láithreán gréasáin: www.financialombudsman.ie.

15.0 An bealach ina bhfuil dlí na hÉireann i bhfeidhm sa Doiciméad seo

15.1 Tá na téarmaí agus na coinníollacha seo agus aon ábhar a eascraíonn as na seirbhísí á rialú ag dlíthe Phoblacht na hÉireann agus ag na cúirteanna i bPoblacht na hÉireann agus beidh dlínse

eisiach acu maidir leo sin agus maidir leis na seirbhísí

15.2 Tá aon tagairtí do dhlí nó do chánachas sna téarmaí agus na coinníollacha seo cruinn ar an dáta ar priontáladh iad, agus ba chóir iad a léamh le hathruithe ar an dlí nó ar chánachas níos deireanaí a léiriú.

16.0 Slánaíocht

Glacann tú ort féin cloí go docht leis an gComhaontú. Admhaíonn tú go bhfuil do chomhlíontacht leis an gComhaontú leagtha amach leis an riosca d'úsáid CU 247 a laghdú a oiread agus is féidir. Seachas mar a leagtar amach in áit eile sna Coinníollacha seo, comhaontaíonn tú slánaíocht iomlán a thabhairt dúinn maidir le haon chailleanas nó damáiste a d'fhéadfadh eascairt ó thaobh Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta, ó do thaobh féin nó ó thaobh aon tríú páirtí mar gheall nár chomhlíon tú an Comhaontú.